An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Nádúrtha
Baile Átha Cliath 2.

Department of Communications,
Marine and Natural Resources
Dublin 2.

28/12/2006

Mr Éamonn Ó Flannagáin
12 Maywood Crescent
Rath Éanna
Baile Átha Cliath 5

FOI/0092/2006

A Chara

Déantar tagairt don iarratas a rinne tú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 maidir le taifid atá á gcoinneáil ag an Roinn seo:

Iarraigh tú rochtan ar na taifid uiligh atá i seilbh na Roinne faoi fiosrúcháin/iniúchadh maidir le líomhanta i dtaobh an Príomh Oifigeach Michael J Daly a bheith mar aoi ag Shell EPI, no duine atá bainteach le forbairt Gais na Coirbre, le linn An Corn Domhanda 2006. Dúirt tú freisin gur thuig tú go raibh taifead i n-Oifig an Aire faoin ábhar seo.

Maidir le d'iarratas, is oth liom a chur in iúl duit nach bhfuiltear in ann teacht ar na taifid agus go gcaithfear dá bharr sin diúltú do d'iarratas.

Deir Alt 10(1)(a) an Achta gur féidir diúltú d'iarratas

'nach ann don taifead lena mbaineann nó nach féidir é a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil sé.'

Thriail an eagraíochtagus na taifid á lorg aicí, gach ní dárbh fhéidir d'fhonn iad a aimsiú. Ina dhiaidh sin féin, ní féidir na taifid a fháil, nó nil aon cinnteacht ann go raibh na taifid ann in aon chor.

Mar eolas duit, tá iniata leis an freagra seo, freagra a tugadh ar cheist pairliminte faoin ábhar seo.

Táim sasta, de réir riachtanais alt 10(1)(a), gur glacadh gach beart réasúnach d'fhonn na taifid a hiarradh a aimsiú. Is oth liom a rá nach féidir na taifid áirithe sin a aimsiú agus dá réir sin ní mór an t-iarratas a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh maidir leis an gcinneadh seo. Má tharlaíonn go gcaitheann tú a leithéid d'achomharc a dhéanamh, is féidir sin a dhéanamh ach scríobh chuig Frank O'Brien, Rannóg Saoráil Faisnéise, Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Teach Elm, Bóthair Earlsvale, Co. an Chabháin. Ní mór

29-31 Adelaide Road Dublin 2
29-31 Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2

Telephone + 353 1 678 2000
LoCall 1890 44 99 00
Fax + 353 1 678 2449

www.dcmnr.gov.ie

táille de €75 a bheith leis an gcomhfhreagras i gcomhair an athbhreithnithe a phróiseáil. Ba chóir iocaíocht a dhéanamh le dréacht bainc, ordú airgid, ordú poist nó seic pearsanta déanta amach do Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de ceithre seachtaine tar éis dháta an fhógra seo (ceadaítear achomharc ina dhiaidh sin i gcásanna áirithe). *Is é an sainmhíniú ata ar sheachtain san Acht ná chúig lá seachtaine as a chéile, gan na Sathairn ná laethanta saoire poiblí a chur san áireamh (ní chuirtear na Domhnaí san áireamh ach oiread mar ní laethanata seachtaine atá iontu).* Bainfidh scrúdú iomlán ag comhalta foirne níos sinsearaí sa gcomhlacht seo leis an achomharc.

Is mise le meas

Ann Kissane

Ann Kissane
Rannóg Acmhainní Daonna
Guthán: 6782173

PARLIAMENTARY QUESTION No. 311

Dail Eireann

To ask the Minister for Communications, Marine and Natural Resources if he has been given the name of a civil servant who is alleged to have accepted corporate hospitality during the World Cup 2006 from a party associated with the consortium which holds the licence to develop the Corrib gas field.

- Joe Higgins.

* For WRITTEN answer on Tuesday, 28th November, 2006.

Ref No: 40537/06

REPLY

Minister for Communications, Marine and Natural Resources (Mr N Dempsey)

My Department has no record of any staff member availing of any such corporate hospitality as outlined in the Deputy's Question.

Department of Communications, Marine and Natural Resources
Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

05/12/2006

Éamonn Ó Flannagáin,
12, Maywood Crescent,
Rath Éanna,
Baile Átha Cliath 5

FOI/92/2006

A Chara,

Tagraím don iarratas a rinne tú faoi na hAchtanna um shaoráil faisnéise 1997 agus 2003 ar cáipéisí i seilbh na Roinne seo:

Do lorg tú rochtan ar na thaifid uilligh, idir scríbhinn agus leictreonach, atá i seilbh na Roinne faoi fhiosrúcháin/iniúchadh maidir le líomhanta i dtaobh an Phríomh Oifigeach Michael J. Daly a bheith mar aoi ag SHELL EPI, no duine atá bainteach le forbairt Gais na Coirbe, le linn An Corn Domhanda 2006.

Fuarthas d'iarratas dar dáta 30/11/2006 leis an táille €10 ar an 30/11/2006. Ann Kissane ainm an té a bheidh I bhfeighil ar d'iarratas. Is féidir labhairt lei ag 01 6782173 i dtaobh ceisteanna ar bith maidir le d'iarratas.

De ghnáth seoltar cinneadh críochnaitheach chugat laistigh de cheithre sheachtain. Ciallaíonn seachtain cúig lá i ndiaidh a chéile (Sathairn, Domhnaigh agus saoire poiblí as an áireamh). Ciallaíonn sé sin gur féidir leat bheith ag súil le do chinneadh faoin 02/01/2007.

I roinnt cásanna, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise d'fhéadfadh go mbeadh an tréimhse ina ndéantar cinneadh críochnaitheach níos faide ná an gnáthcheithre sheachtain. Má tharlaíonn sé sin I gcás d'iarratas-sa cuirfidh Ann Kissane in iúl sin duit i scríbhinn.

Mura gcloiseann tú uainn nuair a bheidh an sprioclá imithe thart, tá tú i dteideal, go huathoibríoch, achomharc a dhéanamh chuig an roinn seo le aithbhreithniú a fháil. Rachtar ar aghaidh leis an aithbhreithniú sin ar an mbonn dlíthiul gur diúltaíodh an chéad iarratas mar gur sroicheadh an sprioclá. Is aithbhreithniú nua agus iomlán a bheidh san aithbhreithniú sin faoi stiúir chomhalta foirne níos sinsirí de chuid na Roinne seo.

Is féidir, más gá, iarratas ar aithbhreithniú a sheoladh i scríbhinn chuig Frank O'Brien, An Rannóg Saoráil Faisnéise, Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha, Teach Elm, Bóthair Earlsvale, Cabhán. Ba chóir duit a rá go bhfuil tú ag lorg aithbhreithniú toisc nár fuarthas freagra roimh an spriocam. Sa chás sin, de ghnáth bheadh 4 sheachtain agat (ón am a ba chóir don chéad freagra bheith seolta chugat) le aithbhreithniú a lorg. Glacfaidh an Roinn le hiarratais déanacha I gcásanna cuí.

Is mise le meas

M Rabbitte

Mary Rabbitte
An Rannóg Saoráil Faisnéise

Elm House
Earlsvale Road
Cavan

Telephone +353 1 6782000
LoCall 1890 44 99 00
Fax +353 1 6783057

FOI.UNIT@dcmnr.gov.ie

Iarratas chuig An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir le rochtain ar thaifid faoi na h-Actanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Sonraí Pearsanta

Sloinne: Ó Flannagáin

Céad Ainm: Éamonn

Seoladh: 12, Maywood Crescent, Rath Éanna, Baile Átha Cliath 5.

 # Guthan #: 01 - 831 3402

Gutháin póca 086 066 0155

Ríomhphoist: cupla2@gmail.com

FREEDOM OF INFORMATION UNIT
CAVAN
30 NOV 2006
DEPARTMENT OF COMMUNICATIONS, MARINE & NATURAL RESOURCES
ROINN CUMARSÁIDE MARA AGUS ACHMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Sonraí an Iarratais

De réir Alt 7 de na h-Actanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 iarraim rochtain ar thaifid[uilligh atá i seilbh na Roinne faoi fiosrúcháin/iniúchadh maidir le líomhanta i dtaobh an Príomh Oifigeach Michael J Daly a bheith mar aoi ag SHELL EPI, no duine atá bainteach le forbairt Gais na Coirbre, le linn An Corn Domhanda 2006]

(Mar eolas - Chomh maith le cibé taifid atá faoin ábhair seo san Rannóg Artola, Rannóg Pearsanta no Rannóg ar bith eile tuigim go bhfuil taifead i n-Oifig an Aire faoin ábhar seo.)

Tá seic 10 Euro iniata le seo.
(Uimhir Carta Leigheas 0488227 A)

Éamonn Ó Flannagáin,

29 Samhain 2006